

MIONNA MAGAIDH

Dán a rinne fear a mbíodh fear eile ag ceapadh go mbíodh sé ag teacht a' cainnt le na bhean. Mhionnuigh an fear nach mbíodh.

Dar choróg ar chnámh
Dar lochóg ar chlár
Dar an iolrach úd siar
Dar an bpreachán ina dhiaidh
Dar geataí Bhaile Atha Cliath
Dar caorán na ngall
Dar Rí na bóirne
Le meilt ar an eorna
Ó rugadh mé fós
níor phóg mé do bhean

Ní raibh fear na mná dá chreideimhaint agus mhionnaigh sé arís

Dar caona is dar clocha
's dar óbad an choirce
dar seagal a bhíonns storramhail
i mullach gach áird (go hárd)
dar fraoch is dar raithneach
's dar barra na ndasa
dar i dtigidh don úr seo
dar ola tobac
tá toraidh mhac Lochlainn
d'fiadnaise a'm-sa
nach rinne mé cumann
le aon bhean go fóill.

Ní raibh fear na mná sásta agus tháinig fearg ar an bhfear eile agus mhionnuigh sé arís.

Dar an ngréin
Dar an ngealaigh
's dar réalta na maidne
's dar an lá gléigeal
a déirigh indiu
's dar a bhfuil de leabhra
ag na ceannaidhthe
dá ndíol ins na siopaí
má sí do bhean í
bhíos ar a bonn.

Chuala Miclín é seo ó fhear as Muighinis a báthadh i nGaillimh

14.10.1931.